



European Economic and Social Committee

EESC info

European Economic and Social Committee

A bridge between Europe and organised civil Society

Mí na Nollag 2019 | GA

[Dearcadh na Cosmhuintire - podchraoladh ó CESE](#)

Eachtra 1 - Céard faoi thalamh an domhain a tharla don smacht reachta ?

Your browser does not support the audio element.

Sraith podchraoltaí nua is ea **Dearcadh na Cosmhuintire** a lainseáil Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa. Déantar iniúchadh ann ar na hábhair chonspóideacha atá i mbéal an tslua, is cosúil, ach ó thaobh na sochaí sibhialta de, agus tugtar fianaise ann ó gheallsealbhóirí ar an láthair agus cuntais ó chomhaltaí CESE a dhéanann ionadaíocht ar a leasanna sa Bhruiséal.

Céard faoi thalamh an domhain a tharla don smacht reachta? In eachtra 1 feictear **José Antonio Moreno Díaz** comhaltaí Spáinneach ó CESE, a mhíníonn a bhfuil á dhéanamh ag Grúpa CESE um Chearta Bunúsacha agus an Smacht Reachta chun an tAontas Eorpach a chosaint ar na hionsaithe méadaitheacha ar a chroíluchanna, amhail na samplaí a thugann na haochainteoirí eile ar an bpodchraoladh - **Jolanta Kurska** ó fhonduireacht Geremeck na Polainne agus **Wojciech Przybylski**, príomheagarthóir *Visegrad Insight* i Vársá. (II)

Available Languages:

[bg](#) [cs](#) [da](#) [de](#) [el](#) [en](#) [es](#) [et](#) [fi](#) [fr](#) [ga](#) [hr](#) [hu](#) [it](#) [lt](#) [lv](#) [mt](#) [nl](#) [pl](#) [pt](#) [ro](#) [sk](#) [sl](#) [sv](#)

Editorial



I bhfocail Gloria Steinem, iriseoir agus feimineach Méiriceánach: ‘is éard is sochaí chomhionann ann sochaí nach bhfuil beann ar bith aici ar an bhfocal “inscne” agus áit ina bhféadfaidh an uile dhuine a bheith ar a dhóigh féin.’

Caithfimid ár seacht ndícheall a dhéanamh chun an sprioc sin a bhaint amach. Siúd is go bhfuil dul chun cinn áirithe déanta againn, is fada uainn fós an comhionannas idir fir agus mná. Le fada fiannach an lá, tá CESE ag iarraidh feachtas an phobail ina leith a mhúscailt agus an t-ábhar seo a chur ar ais ar an gclár oibre. Ní leor a thuilleadh dearbhuithe agus dea-rúin gan éifeacht, ach is gá cinntí a ghlacadh ar an leibhéal polaitiúil chun an comhionannas a bhaint amach.

Is gá dúinn steiréitíopaí gnéasaíocha a chaitheamh i gcúil choicíse. Ní foláir dúinn cur i gcoinne na steiréitíopaí a chraobhscaoiltear i gcuid de na meáin, i ngrúpaí reiligiúnacha agus grúpaí nach iad. Is éard atá á lorg againn ná go gcuirfí go tréan in aghaidh an neamhionannais inscne i ngach uile réimse den saol; mura gcuirfear, beidh feitheamh fada 100 bliain eile romhainn nó go mbainfear an comhionannas amach.

Is a bhuí leis an oideachas agus an fhaisnéis a chuirimid ar fáil a fhéadfaimid tuairimí an phobail a stiúradh mar is cuí, dul i bhfeidhm orthu go dearfach agus treisiú lena bhfuil de bhrú á chur chun líon na mban a bhfuil ról acu sa tsochaí, sa gheilleagar, sa pholaitíocht agus sa chinnteoireacht a mhéadú.

I bhfad ó shin is ea a cuireadh tús leis seo: i gConradh na Róimhe, a síníodh 25 Márta 1957, rinneadh an comhionannas idir fir agus mná a chumhdach ann mar ábhar bunriachtanach agus tugadh príonsabal an phá chomhionannais as obair chomhionann isteach sna chéad chonarthaí. Tá breis agus seasca bliain imithe tharainn ó shin agus tá teipthe orainn fós cuspóir sin an chomhionannais inscne a bhaint amach.

Rud eile de, ní léiriú ceart ar líon na mban sa tsochaí an méid díobh atá gníomhach i saol na hoibre: siúd is gurb ionann agus 51% de dhaonra an Aontais na mná, níl ach 67% díobh fostaithe. Maidir le líon iomlán na bhfiontraithe, mná is ea 31% díobh agus is céatadán suarach é sin. Is ar éigean is fearr an scéal ar an leibhéal domhanda: 39% den lucht saothair, mná is ea iad agus ní ghineann siad ach 37% d’olltáirgeacht intíre an domhain. Tá an éagothromaíocht sin ag cur moill ar an bhfás eacnamaíoch inbhuanaithe, ar an nuálaíocht agus ar an dul chun cinn sóisialta.

De réir an taighde atá déanta, dá mbeadh oiread céanna ban páirteach sa gheilleagar agus atá d’fhir páirteach ann, thiocfadh

méadú 26% ar olltáirgeacht intíre an domhain faoi 2025. Fágann sin nach ceist mhorálta ná shóisialta é an neamhionannas idir fir agus mná; is dúshlán eacnamaíoch ina theannta sin é.

Tá rian an neamhionannais seo le tabhairt faoi deara sa Choiste seo freisin, áit ar mná 30% de na comhaltaí. Arís eile, is suarach le rá é sin.

Ar an ábhar sin, bheartaigh CESE a ghradam bliantúil suaitheanta, Duais na Sochaí Sibhialta, a bhronnadh i mbliana ar eagraíochtaí a shaothraíonn go dícheallach ar mhaithe le líon na mban a bhfuil ról socheacnamaíoch acu san Aontas a mhéadú. Leis an duais seo cúitítear an saothar a dhéantar de thoradh tionscnaimh agus tionscadail nuálacha a oibríonn ar son comhdheiseanna idir mná agus fir agus chun go gcaithfear leo ar bhonn comhionann i réimsí uile an tsaoil.

Roghnaíodh cheana féin na cúig thionscadal is fearr. Is ábhar mórtais dom a rá go mbronnfar an duais seo ar thionscadail a fhéachann le feabhas a chur ar an domhan s'againne - ní hamháin do na mná, ach don tsochaí ina hiomláine!

Seo eagrán deireanach na nuachtlitreach i mbliana agus is mian liom, ó tá deireadh na bliana chugainn, buíochas a ghabháil libh as bheith chomh comhoibritheach sin agus rath a ghuí oraibh don athbhliain.

Isabel Caño Aguilar

Leas-Uachtarán um an gCumarsáid

Diary Dates

An 19 Nollaig 2019, an Bhruiséil

an 16ú cruinniú de Ghrúpa Comhairleach Baile AE-Mheiriceá Láir

An 22-23 Eanáir 2020, an Bhruiséil

Seisiún iomlánach CESE

In short

Reachtáil CESE an chéad chomhdháil dá chuid a bhí dírithe ar an smacht reachta



Léirigh an chomhdháil seo, "[Cearta Bunúsacha agus an Smacht Reachta - Treochtaí san Aontas Eorpach ó thaobh na Sochaí Sibhialta](#)", a reáchtáladh sa Bhruiséil ar an 5 Samhain, an géarghá atá ann páirt a thabhairt don tsochaí shibhialta i dtaca leis an urraim don smacht reachta a chur chun cinn san Eoraip.

Agus tuairiscí faoi sháruithe ar bhunluachanna an Aontais ag dul i méid, tharraing an chomhdháil seo aird ar an ngá atá le hidirphlé aibí agus struchtúrtha idir rialtais na mBallstát agus an tsochaí shibhialta chun an cúlú atá á dhéanamh ar an smacht reachta san Eoraip a chur ina cheart.

Ba é pointe tosaigh na comhdhála [tuarascáil](#) nuafhoilsithe ó CESE faoi staid an smachta reachta san Eoraip. Is é an Grúpa um Chearta Bunúsacha agus an Smacht Reachta de chuid CESE a chuir an tuarascáil le chéile i ndiaidh dóibh an chéad chúpla cuairt a thabhairt ar na Ballstáit in 2018 agus in 2019 d'fhonn treochtaí ginearálta a bhaineann leis an mbunluach AE seo agus gnéithe faoi leith di a bhaineann leis na Ballstáit a bhrath. Tá sé i gceist ag an nGrúpa seo cuairt a thabhairt ar gach Ballstát sna blianta atá amach romhainn. (II)

Lógó nua á thabhairt isteach ag Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

Gona thrí lúb, is siombail é an lógó nua seo de mheon an chomhréitigh idir trí Ghrúpa an Choiste, rud atá i gcroílár obair CESE

Ní dhearnadh athrú ar bith ar an lógó reatha ó tosaíodh ar é a úsáid 21 bhliain ó shin. Tá an lógó nua ar aon dul le lógónna na nInstitiúidí Eorpacha eile agus is amhlaidh a cuireadh an dearadh seo ar fáil chun gurbh fhusa amharc-aithne an Choiste a aithint le hais na nInstitiúidí eile agus sna Ballstáit féin chomh maith.

Tabharfar an lógó nua isteach sna deich

mí atá romhainn agus beidh sé le feiceáil ar an uile tháirge amhairc agus ba cheart lánúsáid a bheith á baint as faoin tráth a dhéanfar athnuachan ar CESE i mí Dheireadh Fómhair 2020. (ks)



Beannachtaí na féile oraibh!



Ba mhaith linn buíochas ó chroí a ghabháil libh as ucht suim a chur sa mhéid a bhí le rá againn in 2019. Is mór againn gach "is maith liom", gach roinn agus atvuíteáil a rinneadh ar ár gcuid leathanach, agus gach aon fhocal misnigh!

Guímid beannachtaí na Nollag oraibh uile agus go raibh gach rath agus séan oraibh in 2020.

Foireann CESE info

Foireann CESE info

EESC News

Tá cead tugtha ag Parlaimint na hEorpa le haghaidh Coimisiún Eorpach nua. Seoladh ar an 1 Nollaig 2019



Ráiteas ó Luca Jahier, Uachtarán CESE

Tá an solas glas faighte ag foireann #vonderleyen: Anois déanaimis Eoraip Inbhuanaithe a chur i gcrích ar mhaithe lena saoránaigh!

27.11.2019

Is é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa inniu go bhfuil an bealach réitithe le haghaidh ré nua don Eoraip. Táim suite de go gcuirfidh Uachtarán nua an Choimisiúin, Ursula von der Leyen, agus a foireann de Leas-Uachtaráin Feidhmiúcháin, Leas-Uachtaráin agus Coimisinéirí borradh nua faoin mór-roinn seo againne, tar éis na dtorthaí dearfacha a bhí ar na toghcháin Eorpacha i mí na Bealtaine. Tá cúig bliana tugtha ag ár saoránaigh dúinn chun Eoraip an lae amárach a thógáil agus níor cheart dúinn an deis seo a chur amú.

Faightear léiriú beacht ar thosaíochtaí Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa i gclár oibre Uachtarán nua an Choimisiúin Eorpaigh, a bhfuil an Comhshocrú Glas, a bheidh mar straitéis fáis nua againn le haghaidh Eoraip inbhuanaithe, an comhionannas inscne agus na cearta bunúsacha san áireamh ann. Creideann Teach seo na sochaí sibhialta Eorpaí go láidir go bhfuil sé thar am don Aontas Eorpach clár oibre uailmhianach inbhuanaithe a ghlacadh chuige féin agus a chur chun feidhme. Chuige sin, ní mór athrú mór teacht ar an meon atá againn.

Ag an seisiún iomlánach i mí Dheireadh Fómhair, thíolaic CESE a aighneacht do chlár oibre an Choimisiúin Eorpaigh le haghaidh na gcúig bliana seo romhainn, agus thug sé le fios nach mór don Aontas díriú ar an athrú aeráide, an digiteáil, an smacht reachta agus an domhandú, agus nach mór dó córas rialachais nua a ghlacadh chuige féin, córas a nglacfaidh eagraíochtaí na sochaí sibhialta níos mó páirte ann.

Tá CESE ag cur comhairle ar an gCoimisiún Eorpach a phlean oibre do 2020 agus ina dhiaidh sin a thógáil ar bhonn an cholúin seo. Ina theannta sin, tá CESE ag iarraidh straitéis uileghabhálach an Aontais do 2050 a thabhairt isteach maidir leis an inbhuanaitheacht ionas gur féidir Clár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe agus na 17 sprioc forbartha inbhuanaithe a chur chun feidhme – agus tá gealltanas tugtha ag an Aontas Eorpach na spriocanna sin a bhaint amach faoi 2030.

Ní mór dúinn gníomhú ar bhealach dinimiciúil i gcomhthráth ar gach leibhéal chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin phráinneacha chomhshaoil, eacnamaíocha agus shóisialta. Tá sé rithábhachtach an Colún Sóisialta a chur chun feidhme le haghaidh aistriú cóir cothrom. Tá CESE ag cur i bhfáth freisin go bhfuil struchtúr rialachais nua ag teastáil go géar ón Aontas Eorpach, mar aon le rialacha agus ionstraimí nua maidir le beartais AE a dhréachtú agus a chur chun feidhme. Ba cheart, go háirithe, ról Parlaimint na hEorpa a fheabhsú chun an chuntasacht dhaonlathach a neartú.

Má táthar chun sprioc na hinbhuanaitheachta (i.e. na gnéithe uile di) a bhaint amach, teastóidh iarracht agus rannpháirtíocht thar na bearta ó na páirtithe uile lena mbaineann. Tá díospóireacht dhaonlathach oscailte, a mbeidh rannpháirtíocht struchtúrtha na sochaí

sibhialta mar bhonn agus mar thaca aici, ríthábhachtach má táthar chun aistriú cóir éifeachtach a dhéanamh.

Tá sé tugtha dár n-aire againn go bhfuil cinneadh déanta ag an Uachtarán von der Leyen an daonlathas Eorpach a chur chun cinn an athuair trí mheán Comhdháil ar Thodhchaí na hEorpa. Ní mór comhdháil den sórt sin a eagrú le rannpháirtíocht iomlán CESE, toisc gurb é an Coiste an Institiúid AE is gaire do na saoránaigh agus seasann sé don ghné is barántúla den daonlathas rannpháirteach. Ar deireadh, is cúis mhór áthais dom go bhfuil aitheantas tugtha don chultúr anois mar dhroichead idir an t-am atá thart agus an todhchaí, agus go n-áirítear é faoi ainm nua i bpunann an Choimisinéara, Mariya Gabriel.

Táimid tiomanta anois, níos mó ná riamh, tacaíocht a thabhairt d'Aontas atá ar a dhícheall ag iarraidh torthaí níos fearr a fháil.

Mar a dúirt an tUachtarán nua, luímis isteach ar an obair LE CHÉILE!

“Ní ceann scríbe ach tús ré nua é Brexit”



Ag an seisiún iomlánach a bhí ag CESE an 30 Deireadh Fómhair, reáchtáladh díospóireacht le Michel Barnier, Príomh-Idirbheartaí an Aontais Eorpaigh maidir le Brexit. Le linn na díospóireachta, dúirt Michel Barnier gur cheart dlúthpháirtíocht a bheith ann idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe agus nach mór tús áite a thabhairt don tsíocháin in Éirinn agus sláine an Mhargaidh Aonair a áirithiú.

Thug **Michel Barnier** an t-eolas is déanaí do chomhaltaí CESE maidir leis an gcaibidlíocht faoi Brexit agus d'áitigh sé go raibh an Coimisiún Eorpach tiomanta a chinntiú go mbeidh Brexit ordúil ann, toisc go bhfuil an baol fós ann go dtarlódh Brexit gan mhargadh. Chuir sé i bhfios go láidir nach ceann scríbe é Brexit ach gur “tús ré nua é”, agus is é an dúshlán is tábhachtaí atá romhainn anois ná comhpháirtíocht nua a fhorbairt idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe, bunaithe ar dhá colún: malartú eacnamaíoch agus comhar i

réimse na slándála agus na cosanta.

Chuir Uachtarán CESE, **Luca Jahier**, tús leis an díospóireacht agus leag sé béim ar an ról tábhachtach a d'fhéadfadh a bheith ag ionadaithe ón tsochaí sibhialta i ndiaidh Brexit. Bhí an méid seo le rá ag Luca Jahier: “Ní mór an caidreamh atá á fhorbairt le heagraíochtaí na sochaí sibhialta sa Bhreatain a chothú agus a neartú. Tá bóthar fada romhainn agus an-obair fós le déanamh, ach tá CESE réidh le tacú libhse.”

Agus tá Duais na Sochaí Sibhialta CESE 2019 á bhronnadh ar...



Tá cúigear iomaitheoirí as beagnach 180 tionscadal spreagúil a chuir isteach ar Dhuais na Sochaí Sibhialta 2019 roghnaithe ag Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa. Tá an Duais seo tiomnaithe do chumhachtú na mban agus don chomhrac ar son an chomhionannais idir fir agus mná.

Is iad seo a leanas na hiomaitheoirí a roghnaíodh (in ord aibítire):

- **Tionscadal Scéalta Sí** leis an gComhlachas NAIA sa Bhulgáir a thugann teagasc sa chomhionannas inscne do pháistí réamhscoile ag úsáid scéalta sí traidisiúnta;
- **#mimmitkoodaa (Cód na mBan)**: ríomhchlár a chuir Comhlachas Bogearraí agus Ríomhghnó na Fionlainne (*Ohjelmisto- ja e-business ry*) le chéile chun fáil réidh leis an steiréitíopa gur fir iad forbróirí bogearraí i gcónaí;
- **Strajk Kobiet (Stailc Mhná na Polainne)**: tionscadal a thugann cumhacht do bhanghníomhaithe i gcathracha beaga agus meánmhéide a bhíonn ag troid ar son athrú;
- **The Brussels Binder**: tionscadal ón mBeilg atá ar son ionadaíocht níos fearr a thabhairt do mhná i ndíospóireachtaí beartais an Aontais Eorpaigh;
- **Toponomastica femminile**: tionscadal ón Iodáil lena bhfuiltear ag obair chun cur le líon na n-áiteanna ar a bhfuil ainmneacha ban mór le rá, rud a thabharfaidh an t-aitheantas poiblí atá tuillte acu dóibh.

Reáchtálfar an searmanas bronnta ar an 12 Nollaig le linn sheisiún iomlánach CESE sa Bhruiséil, nuair a dhéanfar an rangú deiridh a nochtadh. Rachaidh buaiteoir na chéad duaise abhaile le EUR 14 000 agus gheobhaidh na hiomaitheoirí eile EUR 9 000 an ceann.

Roghnaigh CESE an téama seo do Dhuais na Sochaí Sibhialta 2019 mar gheall go raibh sé ag iarraidh béim a leagan ar cé chomh tiomanta agus atá sé don chomhionannas inscne, rud nach bhfuil fíoraithe go fóill san Eoraip. Tá na mná fós ag tuilleamh níos lú ná na fir agus is minic a bhíonn orthu fúlaingt de bharr leithcheala agus foréigean inscne. Trí aitheantas a thabhairt do thionscadail ina léirítear éachtaí follasacha maidir le comhdhiseanna a chothú, tá súil ag CESE aird a tharraingt ar an dul chun cinn atá déanta i dtreo sochaí níos cothroime do mhná agus d'fhir a bhaint amach agus gníomhaíocht bhreise a spreagadh. (II)

[Níor cheart cearta agus saoránacht AE a bheith ar díol](#)



Le blianta beaga anuas, tar éis na géarchéime airgeadais, tá scéimeanna um shaoránacht agus cónaitheacht infheisteora curtha ar bun ag roinnt Ballstát d'fhonn infheistíocht a mhealladh agus a n-ioncam a mhéadú. De réir tuairime a ghlac CESE ag an seisiún iomlánach a bhí aige i mí Dheireadh Fómhair, tá rioscaí tromchúiseacha ag baint leis an gcleachtas sin agus ba cheart cosc a chur air sna Ballstáit uile.

Tá scéimeanna i bhfeidhm ag roinnt Ballstát a cheadaíonn rochtain mhear ar shaoránacht nó ar chónaitheacht AE do shaoránaigh nach de chuid an Aontais iad mar mhalairt ar infheistíocht shuntasach sa Bhallstát lena mbaineann. “Pasanna órga” nó “víosaí órga” a thugtar air sin. Sa tuairim uaidh maidir le [Scéimeanna um Shaoránacht agus Cónaitheacht d'Infheisteoirí san Aontas Eorpach](#), caitheann CESE amhras ar na cleachtais sin agus molann

sé go mór do na Ballstáit deireadh a chur leis na scéimeanna sin de réir a chéile nó cúis réasúnta a thabhairt mura ndéanfaidh siad amhlaidh.

Sa tuairim ó CESE, tacaíonn sé le [tuarascáil a d'fhoilsigh seirbhís taighde Pharlaimint na hEorpa](#) le déanaí, ina n-éilítear go gcuirfí deireadh a luaithe is féidir le gach scéim atá i bhfeidhm faoi láthair Ina theannta sin, tugtar le fios i [dtuarascáil a d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach](#) go bhfuil rioscaí ag baint leis na scéimeanna sin ó thaobh slándála, sciúradh airgid, imghabháil cánach agus seachaint rialacha de chuid an Aontais de.

Chuir [Jean-Marc Roirant](#), rapóirtéir na tuairime atá idir chaibidil anseo, i bhfios nach gcomhlíonann na scéimeanna sin i gcónaí na cearta bunúsacha atá ina gcrann taca don chomhar Eorpach agus leag sé béim ar an ngá atá ann deireadh a chur leis na scéimeanna sin ar fud an Aontais Eorpaigh. Dúirt sé gur díol imní do CESE go bhfuil cearta agus saoránacht AE á gcur chun cinn mar tháirge atá ar díol. (dgf)

[Ní mór tosaíocht a thabhairt don fhorbairt inbhuanaithe chun todhchaí na hEorpa a chinntiú](#)



Ní mór an fhorbairt inbhuanaithe a bheith ina gné lárnach de thodhchaí na hEorpa. Sa rún a d'ullmhaigh Patricia Cíez Miqueleiz, Rudy De Leeuw agus Lutz Ribbe, a ghlacadh ag an seisiún iomlánach a bhí ag CESE i mí Dheireadh Fómhair, molann CESE don Choimisiún Eorpach a phlean oibre don bhliain 2020 agus ina diaidh a bhunú ar an gcolún seo. Tá CESE ag iarraidh straitéis uileghabhálach EU 2050 a thabhairt isteach maidir leis an inbhuanaitheacht ionas gur féidir Clár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe agus na 17 sprioc forbartha inbhuanaithe a chur chun feidhme agus tá gealltanais tugtha ag an Aontas Eorpach na spriocanna sin a bhaint amach faoi 2030.

“Táimid breá sásta ár n-ionchur láidir cothrom a thabhairt i ndáil le tosaíochtaí polaitiúla an Aontais Eorpaigh ar feadh na gcúig bliana atá le teacht. Tá CESE ag tacú leis an

gComhshocrú Glas arna gcur chun cinn ag Uachtarán toghaí an Choimisiúin, Ursula von der Leyen, mar phríomhspreagadh don athrú. Ní mór dúinn gníomhú ar bhealach dinimiciúil i gcomhthráth ar gach leibhéal chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán phráinneacha chomhshaoil, eacnamaíocha agus shóisialta,” a dúirt Uachtarán CESE, **Luca Jahier**.

Cuireann CESE i bhfáth go bhfuil gá le bearta i gceithre réimse mar thoradh ar scála agus luas an athraithe: an t-athrú aeráide, an digiteáil, an smacht reachta agus an domhandú. Deir CESE freisin go bhfuil struchtúr rialachais nua ag teastáil ón Aontas Eorpach, mar aon le rialacha agus ionstraimí nua maidir le beartais AE a shainiú agus a chur chun feidhme. Ba cheart, go háirithe, ról Parlaimint na hEorpa a fheabhsú chun an chuntasacht dhaonlathach a neartú. Tá sé de rún ag CESE rannchuidiú go gníomhach leis an gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa, arna mholadh ag Ursula von der Leyen don bhliain 2020.

[“Botún geostraitéiseach stairiúil”](#)



Tá cáineadh déanta ag CESE ar chinneadh ón gComhairle gan caibidlíocht aontachais a thosú leis an Macadóin Thuaidh agus leis an Albáin.

Is mór an chúis díomá do CESE gur chinn ceannairí an Aontais, ag an gComhairle Eorpach an 17-18 Deireadh Fómhair, tús na caibidlíochta aontachais leis an Macadóin Thuaidh agus leis an Albáin a chur siar arís.

Cheap Uachtarán CESE, **Luca Jahier**, *“go raibh an cinneadh mícheart déanta ag an gComhairle den dara huair agus nár comhlíonadh an gealltanais a tugadh, rud a chuireann creidiúnacht an Aontais Eorpaigh i mbaol.”* Dúirt sé gur *“comhartha ciúin dlúthpháirtíochta”* a bhí sa rún ó CESE.

Sa rún uaidh, deir CESE gur **botún geostraitéiseach stairiúil** é gan caibidlíocht a oscailt. Chuir Luca Jahier i bhfios *“nár cheart don Aontas Eorpach neamhaird a thabhairt ar ghníomhaithe domhanda eile agus iad ag tabhairt faoi rudaí nua agus ag éirí níos gníomhaí sa réigiún”*.

“Is ábhar dóchais í an Eoraip do na Balcáin Thiar, go háirithe do dhaoine óga”, arsa **Dilyana Slavova**, cathaoirleach na Rannóige um Chaidreamh Seachtrach in CESE, agus í ag iarraidh ar chomhaltaí féachaint ar mhéadú an Aontais Eorpaigh mar athaontú.

Leagadh béim sa dearbhú ón 7ú Fóram de chuid na Sochaí Sibhialta um na Balcáin Thiar go bhféadfadh méadú an Aontais Eorpaigh luachanna daonlathacha agus caighdeáin dhlíthiúla a leathadh ar fud na mBalcáin Thiar. Thug comhaltaí foláireamh nár cheart beag is fiú a dhéanamh den tionchar a bheadh ag an gcinneadh gan caibidíocht a thosú.

Bhíothas ar aon intinn faoi *"nach mór an gealltanais a tugadh a chomhlíonadh agus ábhar dóchais a thabhairt do dhaoine"*. (dgf)

Is féidir leis an gcultúr a bheith ina spreagadh chun an tAontas Eorpach a neartú



Ag an seisiún iomlánach a bhí aige i mí Dheireadh Fómhair, rinne CESE díospóireacht a reáchtáil maidir le *rEUnnaissance - Fís chúlúrtha don Eoraip*.

Chuir **Luca Jahier**, Uachtarán CESE, tús leis an díospóireacht agus chuir sé in iúl gur díol sásaimh dó go bhfuil Emmanuel Macron ag tacú lena smaoineamh maidir le hAthbheochan na hEorpa. *"Níor cheart dúinn dearmad a dhéanamh go raibh an Eoraip ina limistéar cultúrtha sula ndearnadh eintiteas polaitiúil di. Níl aonchineálacht sa limistéar sin ach tá rath uirthi mar gheall ar an éagsúlacht agus an dinimiceas atá ann."*

Dúirt **Andre Wilkens**, stiúrthóir ar [Fhoras Cultúrtha na hEorpa](#), go bhféadfaí mí-úsáid a bhaint as an gcultúr chun pobail a roinnt, rud a bheadh ina bhgairt don lánpháirtíú Eorpach. Bhí **Pier Luigi Sacco**, comhairleoir speisialta don Choimisinéir Eorpach um Oideachas, Cultúr, Óige agus Spórt, Tibor Navracsics, ar aon intinn le Andre Wilkens agus dúirt sé nár cheart neamhaird a dhéanamh de chumhacht an chultúir chun difríocht a dhéanamh. Mhínigh sé go bhféadfadh an cultúr a bheith ina spreagadh d'athrú agus an imní atá ar dhaoine faoin todhchaí a laghdú.

Labhair **Elke Kaschl Mohni**, stiúrthóir ar [Institiúid Goethe sa Bhruiséil](#), faoi ról an chultúir sa chaidreamh idirnáisiúnta agus leag sí béim ar an gcothroime agus ar mhalartuithe idir daoine. Dúirt sí gurb é an aidhm atá le caidreamh cultúrtha ná iontaoibh agus tuiscint a neartú. Ar deireadh, mhínigh **Airan Berg**, stiúrthóir ealaíne ar [Fhéile na Réigiún](#), gur féidir leis an gcultúr agus an ealaín daoine a spreagadh chun dul sa seans agus dúshlán a thabhairt dóibh féin.

Ag deireadh na díospóireachta, dúirt **Luca Jahier** gur cheart tús áite a thabhairt don chultúr sa phróiseas ceaptha beartais agus mhol sé comhlacht nua a bhunú in CESE chun dul i ngleic le saincheisteanna cultúrtha. (sma)

Tá tionscnaimh á n-iarraidh ag CESE chun deiseanna ollmhóra fáis an bhithgheilleagair ghoirm a thapú



Níor baineadh leas as acmhainneacht an bhithgheilleagair ghoirm fós san Aontas Eorpach. Molann CESE, dá bhrí sin, treoirthionscadail uile-Eorpacha a chur ar bun ina mbeidh geallsealbhóirí áitiúla agus an pobal eolaíochta rannpháirteach.

Ar iarratas ó Uachtaránacht na Fionlainne, tá tústuirim tarraingthe suas ag CESE maidir leis an **mBithgheilleagar gorm**, a bhaineann le gníomhaíochtaí eacnamaíochta atá bunaithe ar úsáid inbhuanaithe a bhaint as acmhainní uisceacha in-athnuaite agus as an saíneolas gaolmhar. Glacadh an tuairim sin ag seisiún iomlánach CESE i mí Dheireadh Fómhair.

Mhínigh an rapóirtéir **Simo Tiainen** *"go bhféadfaí deiseanna nua a chur ar fáil do ghnólaigh trí bhithéagsúlacht na bhfarraigí, na lochanna agus na n-aibhneacha a athbhunú. Chuige sin, bheadh gá le nuálaíocht theicneolaíoch agus tacaíocht airgeadais trí*

ionstraimí iomchuí."

Ba cheart an bithgheilleagar gorm a bheith ina phointe fócasach do chlár comhair an Aontais Eorpaigh leis na Náisiúin Aontaithe agus a bheith ina uirlis chun na cuspóirí aeráide a leagtar amach i gComhaontú Pháras a bhaint amach. *"Beidh iarrachtaí tábhachtacha ag teastáil chun an bhithéagsúlacht a athbhunú in uisce muirí agus intíre agus chun leas a bhaint as acmhainneacht na n-uisce seo maidir le gabháil CO₂. Ar an dóigh sin, is féidir poist ar ardchaighdeán a chruthú i gceantair thuaithe, chósta agus oileánacha"*, a dúirt an comhrapóirtéir, **Henri Malosse**, mar fhocal scoir. (mr)

Moladh déanta ag CESE deimhniú de chuid an Aontais Eorpaigh a thabhairt isteach do tháirgí intleachta saorga (IS) iontaofa



Tá moladh déanta ag CESE gur cheart don Aontas deimhniú a fhorbairt do tháirgí IS iontaofa, rud a d'eiseodh comhlacht neamhspleách tar éis na táirgí a thástáil lena áirithiú go bhfuil siad i gcomhréir leis na príomhcheanglais amhail an athléimneacht, an tsábháilteacht, agus easpa dochair, idirdhealaithe nó claonta. Cuireadh an togra i láthair in dhá thuairim a thug CESE le déanaí ina ndéantar [Treoirlínte Eiticíúla an Choimisiúin Eorpaigh maidir leis an Intleacht Shaorga](#) a mheas.

Creideann CESE gur mhór an cuidiú é an deimhniú sin chun muinín an phobail a mhéadú in IS san Eoraip. Cé go bhfuil roinnt daoine teann air gur gá a bheith in ann algartaim a mhíniú chun go mbeadh muinín ag daoine i bhfeidhmchláir IS, is é bun agus barr an scéil go bhfuil córais IS agus an mheaisínfhoghlaim chomh casta sin nach dtuigeann na daoine atá á bhforbairt fiú amháin cén toradh a bheidh orthu i ndáiríre, agus is amhlaidh gur gá dóibh

uirlisí tástála a fhorbairt féachaint cé na teorainneacha atá leo.

Molann CESE **an tástáil a fhágáil faoi chomhlacht neamhspleách** – gníomhaireacht, cuibhreannas nó eintiteas éigin eile a chinnfear amach anseo – a thástáil na córais lena áirithiú nach bhfuil siad dochrach, idirdhealaitheach ná claonta agus go bhfuil siad athléimneach, stóinsithe agus **slán** go háirithe. D'fhéadfadh cuideachtaí an deimhniú sin a úsáid lena chruthú go bhfuil córais IS á bhforbairt acu atá slán, iontaofa agus i gcomhréir le luachanna agus caighdeáin Eorpacha.

"Is féidir táirgí IS a chur i gcomparáid le táirgí íocshláinte", arsa **Franca Salis-Madinier**, rapóirtéir na tuairime seo ó CESE: [Tuairim Ghinearálta maidir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach](#). "Is féidir le táirgí íocshláinte a bheith tairbheach, ach contúirteach freisin, agus sula féidir iad a chur ar an margadh ní mór iad a dheimhniú. Ní mór do na monaróirí a chruthú go bhfuil a ndóthain trialacha agus tástálacha déanta acu lena áirithiú go bhfuil a dtáirge tairbheach. Ba cheart an cur chuige céanna a ghlacadh i ndáil le meaisíní IS."

Cuireann CESE i bhfáth freisin go bhfuil gá le rialacha soiléire maidir leis an bhfreagracht. "**Ní mór an fhreagracht a nascadh le duine i gcónaí, cibé acu nádúrtha nó dlítheanach**. Ní féidir meaisíní a chur faoi dhliteanas i gcás mainneachtana", arsa **Ulrich Samm**, rapóirtéir na tuairime seo: [Tuairim CESE maidir leis an Intleacht Shaorga \(IS\) i leith Impleachtaí na dTreoirínte ar Earnáil na nGluaisteán](#). Ina theannta sin, tharraing CESE aird ar an ngá atá ann **inárachaitheacht córas IS** a fhiosrú mar ábhar tosaíochta. (dm)

[Is é tuairim CESE gur cheart do AE a bheith ina cheannaire domhanda sa teicneolaíocht blocshlabhra](#)




D'fhéadfadh an teicneolaíocht blocshlabhra an tsochaí a athrú ó bhonn, ach tá gá le soiléireacht agus deimhneacht dhlíthiúil agus, dá réir sin, cur chuige coiteann ón Aontas. Is í seo an phríomhtheachttaireacht i dtuairim féintionscnaimh a ghlac CESE an 30 Deireadh Fómhair, ina n-iarrtar ar an gCoimisiún Eorpach tionscnamh cuimsitheach a sheoladh chun údarás domhanda a dhéanamh den Aontas sa réimse seo.

Is féidir an teicneolaíocht seo a úsáid in go leor earnálacha chun cur leis an tslándáil agus an trédhearcacht agus is féidir léi cuidiú fiú leis na spriocanna forbartha inbuanaithe (SDGanna) a bhaint amach. Mar sin féin, mar atá tugtha le fios ag CESE sa tuairim uaidh, tá roinnt dúshlán a gcaithfear dul i ngleic leo fós agus tá géarghábair le soiléireacht agus deimhneacht a thabhairt mar aon leis an bpríobháideachas a chosaint.

Dá bhrí sin, tá CESE ag iarraidh go mbeadh cur chuige comhchoiteann de chuid an Aontais i gceist agus tá sé ag iarraidh ar an gCoimisiún tionscnamh cuimsitheach a sheoladh a mbeidh na SDGanna ina chroílár. Ba cheart an tionscnamh a chomhlánú le plean gníomhaíochta don Eoraip chun go ndéanfar pointe tagartha di don teicneolaíocht blocshlabhra ar fud an domhain.

Chuir sin, is tosaíocht é dul i ngleic leis an éiginnteacht dhlíthiúil. Tá an creat reachtach atá i bhfeidhm faoi láthair doiléir agus iroinnta ar leibhéal na mBallstát. Tá sé bunriachtanach chomh maith an príobháideachas a chosaint, idir-inoibritheacht idir na hardáin teicneolaíochta blocshlabhra éagsúla a chinntiú agus costais idirbhirt a bhíonn toirmeascach go minic a laghdú. (dgf)

[Comhbheartas talmhaíochta \(CBT\) á iarraidh ag CESE a chabhróidh leis an athnuachan ó ghlúin go glúin a chinntiú](#)



Beidh comhar agus compháirtíocht idir an tAontas Eorpach, na rialtais náisiúnta agus an tsochaí shibhialta ríthábhachtach chun an athnuachan ó ghlúin go glúin sa phobal feirmeoireachta a spreagadh.

*Is fadhb í an athnuachan ó ghlúin go glúin agus tá i bhfad níos mó i gceist léi ná an laghdú ar mheánaois na bhfeirmeoirí san Aontas Eorpach. Ní mór athmhachnamh a dhéanamh ar an straitéis iomlán le go mbeidh fonn ar dhaoine óga dul i dtreo na feirmeoireachta, agus ar an gcaoi sin, go ndéanfar ceantair thuaithe a athbheochan", arsa **Piroska Kállay**, rapóirtéir na tuairime ó CESE a bhaineann leis an ábhar seo, a glacadh ag an seisiún iomlánach a bhí ag CESE i mí Dheireadh Fómhair.*

*"Tá níos mó comhleanúnachais ag teastáil idir bearta CBT, creataí dlíthiúla náisiúnta agus beartaí chánachais chun aistriú gabháltas a éascú", arsa **John Bryan**, comhrapóirtéir na*

tuairime.

Is iad na hábhair imní is mó atá ag feirmeoirí óga na hEorpa ioncam feirme, an maorlathas, an iomaíocht mhíchothrom, rochtain ar thalamh, rochtain ar mhodhanna chun eolas praiticiúil a aistriú, easpa bunseirbhísí, amhail leathanbhanda, agus an t-imeallú shóisialta. Tá cur chun feidhme rathúil na hathnuachana ó ghlúin go glúin ar cheann de na dúshláin is tábhachtaí lenár linn, ach is deis í san am céanna.

Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, dul i ngleic leis na saincheisteanna uile sin i mbuiséad CBT 2021-2027 chun na ceanglais chistiúcháin do thacaíocht fhónta a chomhlíonadh. Chuir sin, molann CESE gur cheart 2 % ar a laghad de bhuiséad CBT (Colún I agus Colún II) a leithdháileadh ar feirmeoirí óga. (mr)

[An Seimeastar Eorpach: ba cheart díriú ar an bhfás inbhuanaíthe agus cuimsitheach i dtimthriall buiséid 2020](#)

Tá **CESE** ag áitiú gurbh é an toradh nach mór a bheith ar chomhordú na mbeartas eacnamaíoch sna Ballstáit in 2020 go seachnófar an baol go dtarlóidh cúlú eacnamaíochta agus go gcuirfear geilleagar an Aontais Eorpaigh ar three an fháis inbhuanaíthe agus chuimsithigh. Ba cheart a áireamh sa chomhordú sin iarrachtaí breise athchóirithe, infheistíocht, comhlíonadh an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíochta (**MIP**) agus rannpháirtíocht níos eagraithe den tsochaí shibhialta i bpróiseas an tSeimeastair Eorpaigh.

I dtrí dhoiciméad a glacadh le déanaí, chuir CESE fáilte roimh an dul chun cinn a rinneadh ar an Seimeastar Eorpach in 2019, amhail an fócas nua ar infheistíocht agus ról níos mó do chuspóirí sóisialta agus comhshaoil. D'éiligh sé freisin, áfach, go ndéanfaí **coigeartuithe breise** a d'fhéadfadh an Seimeastar a fheabhsú, na rioscaí atá ann faoi láthair a mhaolú agus an teacht aniar agus an acmhainn fáis atá i ngeilleagair AE agus an limistéir euro a mhéadú.

Creideann CESE, mar shampla, gur gá tríd an **beartas fioscach** staid fhioscach chomhiomlán dhearfach de chuid an limistéir euro a chur le beartas airgeadaíochta réidh BCE, ach prionsabail an smachta fhioscaigh a urramú.



Sa chéad timthriall eile den Seimeastar Eorpach, ba cheart **bearta eile tábhachtacha** a cheapadh chun:

- athchóirithe struchtúracha éifeachtacha a spreagadh trí straitéisí infheistíochta spriocdhírthe;
- díriú go cothrom ar spriocanna sóisialta, comhshaoil, maicreacnamaíochta agus fioscacha;
- infheistíocht bhreise phoiblí agus phríobháideach a chothú;
- agus a chinntiú go gcomhlíonfaidh na Ballstáit nós imeachta MIP.

Ar deireadh, tá CESE ag iarraidh **páirt níos mó a bheith ag an tsochaí shibhialta** ar an leibhéal Eorpach agus an leibhéal náisiúnta agus i gcéimeanna uile an tSeimeastair Eorpaigh. Is é an toradh a d'fhéadfadh a bheith ar a leithéid ná tiomantas níos láidre

d'athchóirithe ar an leibhéal náisiúnta agus bá níos mó do na hathchóirithe sin agus, dá bharr sin, Seimeastar Eorpach níos éifeachtaí agus níos inbhuanaithe a bheith ann. Ar aon dul leis sin, tá sé á mholadh ag an gCoiste go n-eagrófaí comhairliúchán bliantúil ar an tsochaí shibhialta faoi scáth CESE i ngach Ballstát agus ar leibhéal AE.

Sholáthair an Coiste **ionchur beartais don chéad timthriall eile den Seimeastar Eorpach** in dhá thuairim leantacha, mar atá tuairim ar [an Suirbhé Bliantúil Fáis](#) agus tuairim ar [an moladh le haghaidh bheartas eacnamaíoch an limistéir euro](#), agus i dtuarascáil [faisnéise](#) i dtaobh cuairteanna a tugadh ar thíortha maidir le rannpháirtíocht na sochaí sibhialta sa Seimeastar Eorpach. (jk)

Ba cheart don earnáil iarnróid a bheith ina heiseamláir don aistriú rianúil cuimsitheach chuig an ré dhigiteach



I dtuairim féintionscnaimh a glacadh i mí Dheireadh Fómhair, dúirt an Coimisiún Comhairleach um Athruithe Tionsclaíochta (CCMI) i gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) gur cheart **aistriú cuimsitheach go hearnáil iarnróid dhigitithe** a chinntiú agus mhol sé tionscnamh a thabhairt isteach faoi stiúir an Choimisiúin chun an infheistíocht atá ag teastáil, is é sin EUR 100 billiún, a fháil.

Bhí an méid seo le rá ag rapóirtéir na tuairime, **Alberto Mazzola**: “Má táthar chun dlús a chur leis an digiteáil, ní mór dlús a chur leis an gCóras Eorpach um Bainistiú Tráchtá Iarnróid. D'fhéadfadh an earnáil iarnróid a bheith ina cnámh droma ag gné na soghluaisteachta i bhFhéiniúlacht Dhigiteach Eorpach trí thimpeallacht rialála a spreagann iomaíocht agus nuálaíocht.”

Ní foláir tosaíocht a thabhairt d'fhorbairt an chreata theicniúil agus rialála. “Ní mór do chomhpháirtithe sóisialta na hEorpa tús a chur le hidirphlé chun tionchar an uathobrithe agus na digiteála a shainaithint agus a mhaolú, agus ar an gcaoi sin, aistriú cothrom a chinntiú,” a dúirt comhrapóirtéir na tuairime, **Guy Greivelding**.

Le linn an phróisis aistrithe chuig córas iarnróid digitithe, tá sé tábhachtach an ghné slándála a chur san áireamh agus bearta láidre cibearshlándála a ghlacadh. Dá bhrí sin, tá CESE ag moladh gur cheart níos mó comhair a bheith ann idir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil (ENISA) agus an Gníomhaireacht Eorpach Iarnróid (ERA). (sma)

News from the Groups

Is féidir le gnólachtaí tacú leis an inbhuanaitheacht!



Le Grúpa na bhFostóirí in CESE

Tá an inbhuanaitheacht ríthábhachtach do ghnólachtaí agus d'fhostóirí, a bhfuil ról lárnach acu maidir leis an bhforbairt a bhrú chun cinn. Tá geilleagar iontaofa láidir riachtanach le haghaidh forbairt inbhuanaithe. Ní mór réitigh a shainaithint atá tairbheach ó thaobh an gheilleagair, na sochaí agus an chomhshaoil de. Cé go bhfuil roinnt geallsealbhóirí ar aon intinn maidir leis an inbhuanaitheacht, is minic a bhíonn cur chuige difriúil acu.

Sin cuid de na conclúidí ón bplé ar an gcaoi ar féidir le gnólachtaí an inbhuanaitheacht a chur chun cinn, a réachtáladh an 21 Samhain 2019 in Barcelona, an Spáinn.

“Ní chruthaíonn gnólachtaí fadhbanna don inbhuanaitheacht. Soláthraíonn siad réitigh ar fhadhbanna,” arsa **Jacek Krawczyk**, uachtarán ar Ghrúpa na bhFostóirí, agus é ag oscailt na hócáide. Thug sé le fios gur féidir le gnólachtaí réitigh a sholáthar chun dul i ngleic le fadhbanna comhshaoil agus aeráide.

Le linn na díospóireachta, chuir ionadaithe ó na trí ghrúpa in CESE a gcuid tuairimí in iúl maidir leis an inbhuanaitheacht. Cé go bhfuil tuairimí éagsúla ann i measc fostóirí, oibrítithe agus gníomhaithe timpeallachta, is léir go bhfuil comthuisicint shuntasach ann freisin. “Tá an t-iomaíochas bunriachtanach don fhorbairt inbhuanaithe. Tá sé ag brath ar dhea-rialáil a bheith ann, ach is cinnte nach bhfuil gá le níos mó rialála,” a dúirt **Tellervo Kylä-Harukka-Ruonala** agus í ag déanamh achoimre ar an díospóireacht.

Reáchtáladh an cruinniú le linn MedaWeek, comhdháil bhliantúil a chuireann an comhtháthú eacnamaíoch i dtíortha na Meánmhara chun cinn. Labhair comhaltaí de chuid Ghrúpa na bhFostóirí ag an bhFóram um Fhorbairt Gnó san Afraic (New Africa Business Development Forum), ag Cruinniú Mullaigh ECOMeda maidir leis an Inbhuanaitheacht (ECOMeda Sustainability Summit) agus ag an bhFóram d'Fhiontraithe Mná i Réigiún na Meánmhara (Mediterranean Women Entrepreneurs Forum). Le linn an dinnéir ceiliúrtha, bronnadh duais ar **Jacek Krawczyk** mar gheall ar an obair atá déanta aige maidir leis an earnáil phríobháideach a fhorbairt sa limistéar Eora-Mheánmhara. (lj)

[An Inbhuanaitheacht i gClár Oibre 2020 an Choimisiúin Eorpaigh](#)



le Grúpa na nOibríthe in CESE

I dtéarma oifige nua Pharlaimint na hEorpa agus an Choimisiúin, is iad na ceithre shaincheist is mó tábhacht ó thaobh tosaíochtaí polaitiúla de ná an digiteáil, an t-athrú aeráide, an déimeagrafaíocht agus an domhandú. Chun dul i ngleic leis na saincheisteanna sin, tá gá le samhail thionsclaíoch inbhuanaithe nua lenar féidir aistriú cothrom a dhéanamh i dtreo geilleagar ciorclach glas. Is léir dúinn ón am atá thart (mar a tharla i gcás na gilets jaunes) nach mbeidh tacaíocht an phobail leis na bearta sin, is cuma géarghá a bheith leo nó gan a bheith, mura dtabharfar aird ar oibríthe agus mura roinnfear an t-ualach go cothrom ar an uile dhuine.

Tá gá le straitéis uileghabhálach a chumhachtaíonn idir shaoránaigh agus oibríthe, a chinntíonn an inbhuanaitheacht agus a chosnaíonn na cearta bunúsacha. Ós rud é go bhfuil sé ag gluaiseacht chun cinn ar chonair na cuimsitheachta, **ní foláir don Aontas Eorpach ionstraimí a cheapadh atá ceangailteach ó thaobh dlí le go leagfar síos íosleibhéal ioncaim, íospá maircachtála agus creataí comhchoiteanna le haghaidh árachas difhostaíochta.**

Chuipe sin, ba cheart infheistíochtaí sóisialta (sa tsláinte, san oideachas, sa chuimsiú sóisialta agus san aistriú go geilleagar glas) a eisiáimh ón gComhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis trí **bhunriail** a leagan síos, riail a chinnteoidh forbairt agus cur chun feidhme cuí **Cholún Eorpach na gCearta Sóisialta** agus inbhuanaitheacht an airgeadais phoiblí. Dá bhrí sin, ní foláir an ghné shóisialta, an ghné eacnamaíoch agus an ghné chomhshaoil a chuimsiú in aon obair nó bearta a dhéantar ar son na hinbhuanaitheachta agus **ní foláir na hualaí agus na freagrachtaí a dháileadh dá réir**, go háirithe i réimse an **chánachais**. Is uirlisí bunriachtanacha iad an t-**idirphlé sóisialta**, rannpháirtíocht na **gcomhpháirtithe sóisialta** i gceapadh beartas, agus **urraim don chómhargáil agus do cearta oibríthe** chun an t-aistriú cothrom seo a bhaint amach ar dhóigh nach bhfágfar aon duine chun deiridh. (prp)

[Eiseamláirí nua do shochaithe san Eoraip](#)



Arna réachtáil ag an nGrúpa "Éagsúlacht Eoraip" in CESE

Toisc gur tosaíocht ag Uachtarán toghaí an Choimisiúin Eorpaigh is ea an comhionannas inscne agus go ndéanfar trasú ar an Treoir Eorpach maidir le "Cothromaíocht oibre is saoil a éascú do thuismitheoirí agus do chúramóirí", tá sé ríthábhachtach athbhreithniú a dhéanamh ar na hidirghníomhaíochtaí idir an comhionannas inscne, an chothromaíocht oibre, tuismitheoireacht, teaghlach chomhaimseartha, cúramóirí, cúnaimh do bhaill teaghlach faoi mhíchumas, an t-aosú agus cúrsaí déimeagrafacha.

Chun plé a dhéanamh ar na saincheisteanna sin, réachtáil an Grúpa "Éagsúlacht Eoraip" in CESE comhdháil ardeibhéal maidir le **hEiseamláirí nua do shochaithe san Eoraip**, an 12 Samhain, faoi stiúir **Ralph Sina**, stiúrthóir ar Stiúideo WDR/NDR sa Bhruiséil.

I measc na gcainteoirí bhí **Virginija Langbakk**, stiúrthóir ar an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne, **Annemie Drieskens**, uachtarán ar COFACE Families Europe agus **Dominique Boren**, iar-uachtarán ar Ghréasán na gComhlachas Teaghlach LGBTIQ* san Eoraip (NELFA).

Mhol **Arno Metzler**, cathaoirleach an Ghrúpa "Éagsúlacht Eoraip", **Parlaimint Eorpach na dTeaghlach a bhunú, trína bhféadfadh geallsealbhoirí aithne a chur ar a chéile agus dea-chleachtais a roinnt le chéile.**

Tá cur i láthair na gcainteoirí le fáil [anseo!](#)

Soon in the EESC/Cultural events

[Taispeántas grianghraf agus léiriú scannáin á chur ar siúl chun críoch a chur le himeachtaí cultúir CESE don bhliain 2019](#)

Is le taispeántas grianghraf, a dhíríonn ar cheann de phríomhláithreáin oidhreachtá tionsclaíche na Cróite, agus le scannán a bhfuil ábhar machnaimh ann a léiríonn gurb é an gnáthrud sa saol seo anois a bheith difriúil, a chuirfear deireadh le clár cultúir CESE don bhliain 2019.

Tá taispeántas grianghrafadóireachta ar siúl ag CESE i láthair na huaire a bhaineann lena chuid oibre i réimse an athraithe thionsclaíoch. Tá sraith grianghraf den bhaile Crótach Sisak, mar a chonacthas do ghrianghrafadóirí cáiliúla de chuid na Cróite é, á léiriú faoin teideal **Oidhreacht Thionsclaíoch Bhaile Sisak - San Am atá Caite agus sa Lá atá Inniu Ann** ag músaem bhaile Sisak agus a ghallearaí grianghraf "Siscia obscura". Beifear in ann cuairt a thabhairt go dtí deireadh na bliana ar an taispeántas, a d'eagraigh Grúpa na bhFostóirí in CESE agus a sheol Cathaoirleach an Ghrúpa go hoifigiúil ar an 27 Samhain in Foyer 6.

Déanfaidh CESE **Downside Up!**, gearrscannán tostach faoi "bheith difriúil leis an ngnás" a bhuail roinnt gradam idirnáisiúnta, a léiríú ar an **19 Nollaig** chun **Lá Idirnáisiúnta na nDaoine faoi Mhíchumas** a chomórath. Beidh **stiúrthóir ealaíne Theatre Stap**, compántas amharclannáíochta Beilgeach a bhíonn ag obair le haisteoirí faoi mhíchumas, agus príomhaisteoir an scannáin i láthair ag léiriú an scannáin agus déanfaidh siad tuairimí a mhalartú leis an lucht féachana le linn díospóireacht maidir le **Colún Eorpach na gCearta Sóisialta** agus an chaoi a gcomhlíonann sé an **Coimhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas**. Tá léiriú an scannáin á réachtáil ag Roinn Cumarsáide CESE agus ag Comhchoiste CESE um Chomhionannas Deiseanna do Mhná agus d'Fhir (COPEC). (ck)



Editors:

Ewa Haczyk-Plumley (editor-in-chief)
Daniela Marangoni (dm)

Contributors to this issue:

Chrysanthi Kokkini (ck)
Daniela Marangoni (dm)
David Gippini Fourmier (dgm)
Isabelle Henin (ih)
Jasmin Kloetzing (jk)
Laura Lui (ll)
Leszek Jarosz (lj)
Katerina Serifa (ks)
Marco Pezzani (mp)
Pablo Ribera Paya (prp)
Silvia M. Aumair (sma)

Coordination:

Agata Berdys (ab)
Katerina Serifa (ks)

Address:

*European Economic and Social
Committee
Jacques Delors Building,
99 Rue Belliard,
B-1040 Brussels, Belgium
Tel. (+32 2) 546.94.76
Email: eescinfo@eesc.europa.eu*

EESC info is published nine times a year during EESC plenary sessions. EESC info is available in 23 languages. EESC info is not an official record of the EESC's proceedings; for this, please refer to the Official Journal of the European Union or to the Committee's other publications. Reproduction permitted if EESC info is mentioned as the source and a link is sent to the editor.

Mí na Nollag 2019/12

11-2019